


# ❁ An Lúibín ❁

28 Samhain 2022

*Déiseach i Nua-Ghuine Phapua, Tom O'Donoghue, Coiscéim 2022.*



Níl cuntais Ghaeilge ar an saol lasmuigh d'Éirinn chomh gann agus ba dhóigh leat – is féidir linn dul siar chomh fada agus an 17ú haois, agus tá tuairiscí eile le fáil i ngach haois ina dhiaidh sin. Ach, go bhfios dúinn, níor thug aon duine cuntas ar shaol an Nua-Ghuine Phapua mar atá déanta ag Tom O'Donoghue, acadóir ó na Déise i bPort Láirge atá ina chónaí san Astráil Thiar le tamall maith de bhlianta agus a d'iompaigh ar ais ar an nGaeilge chun an leabhar seo a scríobh.

Nuair a dúras lem' chairde is mo ghaolta i mí an Mheithimh 1989 go rabhas ag dul go Nua-Ghuine Phapua in éineacht lem' chlann is go mbeimis á dhéanamh taobh istigh de mhí, bhí roinnt ina measc nár chreid mé.

Bhí sé tar éis post a fháil ann mar léachtóir i gcoláiste do mhná a bhí chun a bheith ina múinteoirí bunscoile. Chuaigh a chúram leis – a bhean chéile agus a bheirt iníonacha (iad ceithre bliana d'aois agus sé bliana d'aois faoi seach), agus chaith siad dhá bhliain i Nua-Ghuine Phapua sular thug siad a n-aghaidh ó dheas ar an Astráil, áit a bhfuil siad ó shin. Bhí an t-údar ag obair le misinéirí, cé nár mhisinéir é féin.

Ní raibh suim dá laghad againn a bheith páirteach sa bhíoblóireacht is i ngníomhaíochtaí a bhí ceangailte léi sin. Ach ag an am céanna, thaithin sé linn go mbeimis inár gcónaí i measc dream a raibh a n-aigní dírithe ar shaol sóisialta is eacnamaíochta na ndaoine i dtír i mbéal forbartha a fheabhsú.

Is léir gur chuir sé an-suim i saol na muintire dúchais, agus tugann sé an cuntas seo ar leagan amach na tíre:

Tá cathracha beaga is bailte i Nua-Ghuine Phapua, go háirithe Port Moresby, Lae, Mount Hagen, Rabaul, Madang, Wewak, Goroka, Kavieng agus Kainantu. Ach tá an chuid is mó de phobal na tíre ag áitreabh i sráidbhailte, agus na fir iontu ina bhfeirmeoirí ag maireachtaint ón lámh go dtí an mbéal, cé nach minic a bhíonn ocras ar éinne. I dtaobh na sráidbhailte féin, táid beag. I ngach ceann acu bíonn thart ar 200 go 300 duine is iad i mbotháin thraidisiúnta. Go dtí le déanaí, ní théadh mórán i bhfad ó bhaile: bheirtí is thógtaí daoine i sráidbhailte a muintire, agus is ann a phósaidís is a thógaidís a gclann.

Aithníonn an t-údar go bhfuil an dá chineál oideachais i gceist anseo: cineál Eorpach a thug na misinéirí isteach sa chéad dul síos agus cineál traidisiúnta a bhaineann go dlúth le dála na tuaithe. Luann sé na buntáistí a leanann an chéad cheann i saol na ndaoine a fhaigheann oideachas foirmiúil: 'Tá scileanna anois ag roinnt mhaith acu a thugann cabhair anmhór dóibh chun iad féin a eagrú, na difríochtaí idir na treibheanna a fhágáil ar leataobh, is a gcearta a chur i gcion'. Ach ní dhéanann sé dearmad ar bhuntáistí an oideachais thraidisiúnta ach oiread:

Bhí na ‘múinteoirí’ go léir ina saineolaithe, in ann gach rud a mhíniú. Bhí na hainmneacha ar gach rud ar eolas acu, idir chrainn is phlandaí, míniú acu ar an gcúis le gach uile rud sa domhan nádúrtha. Bhí an béaloideas, na finscéalta, is scéalta faoi na rudaí a bhí ina n-ábhair thoirmisc i measc na treibhe ar eolas acu. Ba chóras thar barr é do shaol nár tháinig aon athrú mór air ó chéad go céad. Go ginearálta, bhí dhá shaghas eolais ag na daoine, cé nach ndearnadar aon idirdhealú mar sin ina n-intinn féin. Ar an gcéad dul síos, bhí eolas acu a bhain le rudaí praicticiúla. Ansin bhí an t-eolas a bhain le rudaí beannaithe is iad faoi rún ar a lán sa treibh. Chomh fada leo féin de, más ea, bhí gach saghas eolais fite fuaite lena chéile ina meon de bharr gur chreideadar gur tháinig an t-eolas ina iomlán ó na déithe is óna sinsir.

Nuair a bhí múinteoirí a oileadh ar an dóigh Eorpach ullamh chun dul ag obair ní bheadh a fhios acu cá gcuirfí iad:

Ba mhínic dá bharr go mbeadh air nó uirthi taisteal ar bhád, ar eitleán, i gcarr, nó de shiúl na gcos go dtí an scoil a tugadh dó nó di. Bhí na bealaí mar atáid fós, is é sin ag gluaiseacht trí chorcach, talamh féaraigh, is dufair fhiáin thrópaiceach.

Tríd is tríd, bhain an t-údar agus a cúram sult as an tréimhse a chaith siad ann, d’ainneoin na míolta beaga, an fhoréigin agus corrchreatha talún. D’éirigh iníonacha an tí líofa in Kanua (teanga áitiúil) agus Tok Pisin.

Déanann an t-údar iarracht ar a bheith cothrom. Luann sé an dualgas traidisiúnta atá ar dhaoine cabhrú leo siúd nach bhfuil in ann aire a thabhairt dóibh féin, ach fágann seo gur nós le boic mhóra poist a thabhairt dá lucht leanúna. Luann sé an foréigean uafásach a dhéantar ar chailíní agus ar mhná de dheasca údarás sinseartha na bhfear. Tá reacht lag ann, córas lag sláinte, córas oideachais nach bhfuil ach cuíosach, spleáchas rómhór ar an mianadóireacht, feirmeoireacht nach bhfuil a cumas iomlán bainte amach aici agus fás an daonra. Ach tá taoisigh chumasacha oilte ann chomh maith agus ní hé nach nach bhfuil dul chun cinn á dhéanamh.

Tá Coiscéim le moladh as an leabhar seo a fhoilsiú agus tá an t-údar le moladh as an gcuntas a thugann sé ar shaol nach mbeadh eolas ag mórán Gaeilgeoirí air. Beimid ag súil le saothar eile uaidh a chuirfidh lena bhfuil breactha cheana ag scríbhneoirí Gaeilge na hAstráile.



#### An Afracáinis

*Afrikaans was born of Dutch but acquired a distinctive identity. Despite widespread use of English, Afrikans is standing its ground, with many of its speakers being of mixed descent.*

Is é an Béarla an teanga is coitianta i gcúrsaí gnó agus riaracháin, ach níl sé á labhairt mar theanga dhúchais ach ag 9% den phobal. As an aon teanga dhéag oifigiúla san Afraice Theas, tá Súlúis á labhairt mar theanga dhúchais ag 22%, Cóisis ag 16%, agus Afracáinis ag 13%.

Díol spéise ar leith is ea an Afracáinis: fáisceadh í as an Ollainnis a thug lonnaitheoirí leo sa 17ú haois, agus anois tá sí á labhairt ag daoine de phór Ollannach, Francach agus Gearmánach, agus ag daoine de chine measctha. In 1925 d’aithin rialtas na hAfraice Theas gur theanga inti féin an Afracáinis seachas canúint den Ísiltírís. Tá sí nós simplí ná Ísiltírís maidir le gramadach agus tá a lán focal dá cuid aici, focail a bhaineann leis an tír.

Ba í an Afracáinis teanga na mBórach, dream a d’imir ansmacht ar dhaoine gorma agus ar chuir a sliocht an cinedheighiltar ar bun chun a gcine féin a choinneáil faoi réim. Mar sin féin, bhí Afracánaigh agus eile ann a raibh a mhalairt de dhearcadh acu sna cúrsaí seo agus a chuir sin in iúl trí Afracáinis. Orthu sin bhí leithéidí Audrey Brown, bean ‘chinemheasctha’ a scríobhadh do *Die Vrye Weekblad*, nuachtán den eite chlé, agus a théadh amach ag déanamh agóide i gcoinne an rialtais. Chuidigh a leithéidí le deireadh a chur leis an gcinedheighilt in 1994.<sup>1</sup>

Deirtear uaireanta go bhfuil an Afracáinis i mbaol anois. I ré na cinedheighilte ba theanga éigeantach í sna scoileanna, rud a ghríosaigh daltaí gorma chun éirí amach ar son an Bhéarla. Níl san Afracáinis ach ábhar roghnach anois. Tá athchomhairle déanta fiú ag ollscoil a bhí mar chrann taca ag na hAfracánaigh agus ag a dteanga: Stellenbosch. Tá mic léinn ghorma ann anois agus cuid acu gan Afracáinis, rud ar mór an bac dóibh é. Ghéill an ollscoil d’fheachtas mac léinn agus thug Béarla isteach mar theanga theagaisc.

Mar sin féin, tá neart sa teanga fós. Tá 15 milliún cainteoir Afracáinise ann ar a laghad, agus cuid acu le fáil sa Namaib, an Bhotsuáin, an tSaimbia agus an tSiombáib. Labhraíonn a lán daoine í mar an dara nó an triú teanga

<sup>1</sup> <https://www.bbc.com/news/world-africa-61787582?xtor=AL-72-%5Bpartner%5D-%5Bmicrosoft%5D-%5Blink%5D-%5Bnews%5D-%5Bbizdev%5D-%5Bisapi%5D>

acu, agus is í is mó atá á labhairt in iarthar na hAfraice Theas. Is mór an glooch atá ar nuachtáin agus ar irisí in Afracáinis, agus foilsítear roinnt mhaith leabhar sa teanga. Dealraíonn sé go bhfuil méadú ag teacht ar líon na gcainteoirí ar fud na hAfraice Theas, agus is dócha gur daoine de chine measctha is mó a labhróidh Afracáinis feasta.



### **Oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht**

*A new report describes the present state of education through Irish outside the Gaeltacht and reflects upon its future.*

Tá *Léargas ar Sholáthar don Oideachas Lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht* tar éis teacht ar an saol, agus leagann sé amach na ‘príomhshonraí’ i dtaobh oideachas trí Ghaeilge i scoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht.

Sa scoilbhliain 37,650 dalta cláraithe i ngaelscoileanna – sin 7% den iomlán i mbunscoileanna. Bhí 152 gaelscoil lasmuigh den Ghaeltacht agus gaelscoil amháin ar a laghad i ngach contae, agus bhí 2,202 múinteoir iontu.

Bhí 10,283 scoláire cláraithe i nGaelcholáistí sa scoilbhliain 2020-21, ionann agus 2.8% den iomlán. Ní raibh ann ach 29 gaelcholáiste ann, áfach, agus 798 múinteoir iontu. Bhí 4,723 dalta i rang a sé i ngaelscoileanna i Meitheamh 2020, ach níor aistrigh ach 1,688 go gaelcholáiste - ráta aistrithe de 36%.

Chomh maith leis sin, tá aonaid agus sruthanna lán-Ghaeilge le fáil i roinnt iarbhunscoileanna Béarla ar fud na tíre.

Ach tá laghdú le teacht ar líon na leanaí feasta agus tiocfaidh laghdú ar an méid scoileanna nua dá bharr. Mar a deir an tuarascáil: ‘Beidh sé tábhachtach, mar sin, go mbainfear an leas is mó is féidir as na deiseanna atá ann soláthar lán-Ghaeilge a mhéadú laistigh de bhonneagar na scoileanna atá ar fáil cheana’.

Aithnítear nach bhfuil oideachas trí Ghaeilge ach i dtús fáis agus agus é á chur i bhfeidhm ar bhealaí éagsúla in áiteanna éagsúla.

Tá a lán naíonraí ann a thugann deis do pháistí ‘éisteacht leis an nGaeilge agus dul i ngleic léi ar bhealach an-nádúrtha agus tarraingteach’.

Is féidir é sin a dhéanamh nuair a labhraíonn an t-oideachasóir luathbhlianta i nGaeilge amháin ón tús agus nuair a úsáideann siad geáitsí chun cumarsáid, tuiscint agus rannpháirtíocht a chur chun cinn sa Ghaeilge.

In 2021 ceadaíodh ‘múnla satailíte’ i nDún Dealgan mar thriail. Is éard atá i gceist campas breise a chur ar bun faoi choimirce gaelcholáiste atá ann cheana seachas scoil nua a bhunú. Féadfar iniúchadh a dhéanamh air seo mar rud a bhféadfadh áiteanna eile sa tír fónamh a bhaint as agus éileamh ann ar oideachas trí Ghaeilge. Cuirfear an campas nua ar bun in 2023.

Admhaíonn an tuarascáil nach mór dul i gcleic le soláthar múinteoirí i scoileanna lán-Ghaeilge. Tá fadhb ann, gan amhras. Is minic nach faightear freagra ar fhógra do phost nó go dtagann duine nach bhfuil aige ach Gaeilge bhriste. Is léir go bhfuil sé an-deacair ag an ngnáthchóras múinteoirí le Gaeilge a chur ar fáil, agus ba mhór an cúnamh cúrsaí speisialta a chur fáil do mhúinteoirí a bhfuil fonn orthu múineadh trí Ghaeilge.

Ar éigean atá scoileanna lán-Bhéarla in ann daltaí a scaoileadh amach a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu. Dá bhrí sin is iad na scoileanna lán-Ghaeilge atá freagrach as cothú na Gaeilge mar theanga bheo sa chóras oideachais. Níl clú na héifeachta ar na haonaid agus sruthanna lán-Ghaeilge luadh thuas, ach níl siad gan mhaitheas ar fad. Is léir, thar aon rud eile, go gcaithfear níos mó iarbhunscoileanna a bhunú chun an teanga a threisiú.



### **Scoláire nua in Melbourne**

*Dr Síobhra Aiken, a distinguished Irish scholar, is coming to Melbourne as a research fellow.*

Gach bliain cuirtear comhaltas léinn ar fáil i gColáiste Newman ag Olscoil Melbourne agus baint aige le bailiúchán mór foilseachán Gaeilge ar chuir an Dr Nioclás Ó Domhnaill a bhunús i gceann a chéile in Melbourne i dtréimhse na hAthbheochana. Is í an Dr Síobhra Aiken ó Ollscoil na Banríona i mBéal Feirste Comhalta Uí Dhomhnaill i mbliana.

Déanann sí taighde ar litríocht Ghaeilge an lae inniu, cúrsaí tráma agus cuimhne, an diaspóra Éireannach, Athbheochan na Gaeilge, léann inscne agus an réabhlóid Éireannach (1916 – 1923).

Tá liosta a cuid foilseachán chomh fada le lá samhraidh agus d'fheadfá *An Lúibín* a líonadh leis an liosta úd amháin. Bímis sásta go bhfuil fios a ceirde go maith aici. Ise a scríobh leabhar tábhachtach a tháinig amach le déanaí: *Spiritual Wounds: Trauma, testimony and the Irish Civil War* (Irish Academic Press). In agallamh a chuir Aindrias Ó Cathasaigh uirthi ar *Feasta* (Meán Fómhair 2022), deir sí:

Tá tuilleadh cuntas neamhchoinbhinsiúnach le hiniúchadh go fóill ag lucht staire: cuntais atá le fáil in agallaimh ó bhéal, i bhfoinsí béaloidis, agus sna cuimhní a chuir glúin na réabhlóidithe ar aghaidh chuig a bpáistí agus chuig páistí a bpáistí. Scríobh mé alt le deireanaí ar na saothair fhicseanúla ar fad a scríobhadh faoi Chogadh na gCarad le céad bliain anuas. Tá borradh iontach faoi na húrscéalta stairiúla faoi láthair agus bhí an t-alt as dáta faoin am ar foilsíodh é mar gur cuireadh an oiread sin saothar nua i gcló idir an dá linn!

Beidh fáilte roimh an scoláire seo.



### **An Bhreatnais i mbaol (mar is gnách)**

*Welsh has the highest proportion of speakers of any Celtic language, but native speakers are being lost. Will we see communities replaced (as in Ireland) by a network?*

Deirtear go bhfuil sé de bhuntáiste ag an nGaeilge gur fhéad sí teacht ar a seanléim sna cathracha d'ainneoin chúlú na teanga sna ceantair Ghaeltachta. Cinnte, ní fheicimid pobail nua Ghaeilge á mbunú, ach tá na líonraí Gaeilge sna cathracha ag dul i neart agus i leithead, rud a thaispeánann go bhfuil an teanga in ann teacht faoi bhláth arís ar bhealach eile. Tá inní ar dhaoine faoi imeacht na gcainteoirí dúchais (na seandaoine ag fáil bháis, an dream óg ag iompú ar an mBéarla), ach aithnítear chomh maith nach é sin deireadh an scéil.

Ní mór chuimhneamh air sin agus tuairiscí ann go bhfuil an Bhreatnais i mbaol a báis mar theanga phobail. Is éard is mó is cúis leis sin an oiread sin Béarlóirí a bheith ag bogadh isteach i gceantair Bhreatnais. Tá áiteanna áirithe thiar atá breac le tithe saoire agus an Béarla ag treisiú ann dá bharr, cé gur tugadh isteach reachtaíocht le déanaí chun bacadh ar dhaoine an dara teach a cheannach sna ceantair sin. Tá an Coimisiún do Phobail Labhartha na Breatnaise chun breis eolais a fháil ar chás na gceantar Breatnaise i cúrsaí tithíochta, oideachais agus eile.

Is í an Bhreatnais an teanga Cheilteach is láidre mar theanga phobail – níos láidre ná an Bhriotáinis, Gaeilge na hAlban agus Gaeilge na hAlban – agus í á labhairt mar theanga líonra chomh maith (in Caerdydd, mar shampla). B'fhéidir gurb é an líonra a thiocthadh in áit an phobail sa Bhreatain Bheag, mar atá ag titim amach in Éirinn; ach taispeánann sampla na hÉireann cé chomh bríomhar is a fhéadann líonra a bheith i dtaca le teanga agus le dúchas de. Agus b'fhéidir, le himeacht aimsire, go dtiocfadh pobail nua ar an bhfód.



### **An timpeallacht: coirpigh ag milleadh na hAmasóine**

*A criminal network of politicians, functionaries, and business interests has been despoiling the Brazilian Amazon.*

Tá tábhacht dhomhanda le foraois bháistí na hAmasóine, réigiún atá roinnte idir naoi náisiún agus a bhfuil 3,344 pobal dúchais ann. Tá 60% di le fáil sa Bhrasaíl, agus sin an fhadhb, mar a deir an tuairisceoir comhshaoil Katie Surma.<sup>2</sup>

Tá eolas tugtha don Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta i dtaobh líonra ollmhór polaiteoirí, feidhmeannach gnó, stocairí tionsclaíochta agus coireach atá ciontach in ionsuithe ar phobail dhúchasacha agus ar phobail eile sa chuid Bhrasaíleach den Amasóin.

Dlíodóirí caomhshaoil agus cearta daonna a thug an cás os comhair na cúirte, agus luann siad 400 dúnmharú, 500 iarracht ar dhúnmharú, 2,200 bagairt bháis, 2,000 ionsaí, 80 duine céasta agus 100,000 coir mhaoine. Rinneadh an chuid is mó de na coireanna seo chun daoine a dhíbriú chun go mbainfí tairbhe as adhmaid, soighe, mairteoil agus mianraí. Is beag coir a ndearnadh fiosrú uirthi.

<sup>2</sup> 'Lawyers Press International Court to Investigate a "Network" Committing Crimes Against Humanity in Brazil's Amazon,' Katie Surma, November 9, 2022: [https://insideclimatenews.org/news/09112022/brazil-amazon-crimes-against-humanity/?utm\\_source=InsideClimate+News&utm\\_campaign=5a2c483ff9-&utm\\_medium=email&utm\\_term=0\\_29c928ffb5-5a2c483ff9-328553180](https://insideclimatenews.org/news/09112022/brazil-amazon-crimes-against-humanity/?utm_source=InsideClimate+News&utm_campaign=5a2c483ff9-&utm_medium=email&utm_term=0_29c928ffb5-5a2c483ff9-328553180)

Ainmníodh i gcáipéis rúnda na daoine a rinne na coireanna, in éineacht leis na feidhmeannaigh a thug na horduithe nó a cheadaigh na coireanna le ráitis phoiblí, socruithe cama agus faillí ina ndualgas. Is iad na dreamanna a bhí thíos leis na Quilombolas (sliocht sclábhaithe), lucht cónaithe cois abhann, feirmeoirí beaga agus daoine gan talamh a bhfuil cuid acu i mbun athfhoraoisiú.

Ligeadh scód leis na dronga agus rialtas den eite dheas i réim. Chaill an ghníomhaireacht a chosnaíonn treibheanna dúchasacha leath a mhaoinithe agus chaill an ghníomhaireacht chomhshaoil 30% dá maoiniú. Bhí gníomhairí gan leor san fhorais ar aon nós.

Tá an Amasóin ar cheann de na linnte carbóin is mó agus tá dífhoraoisiú an réigiúin ag cur an-dlúis leis an athrú aeráide. Tagann laghdú ar an méid uisce a ghabhann trí fhréamhacha agus trí dhuilleoga agus a scaoiltear amach mar ghal fhuaraithe. Cailltear crainn, géaraíonn an teas, tagann an triomach agus cailltear crainn eile.

Cuirtear a lán cás faoi bhráid na cúirte, agus ní cinnte go nglacfar leis an gceann seo; ach tá soiléiriú déanta ar an tsaint agus ar an scrios, mar sin féin.



### **Cúrsaí reatha: na hUigiúraigh**

*The Uighurs, like the Tibetans, still endure the attentions of an insecure and brutal surveillance state (a state not to be confused with its citizens).*

Bhí an-trácht tamall ó shin ar na hUigiúraigh, pobal Tuirciceach Muslamach in Xinjiang in iarthar na Síne, agus ar an drochíde a bhí rialtas na tíre a thabhairt dóibh. Ach chaill na meáin suim sa scéal, mórán, agus scéalta uafáis eile ann – cás na hÚcráine, mar shampla. Sin mar atá. Ach scéal beo fós é agus is fiú cuimhneamh air.

Níl na Síneigh mar phobal freagrach as drochghníomhartha Pháirtí Cumannach na Síne. Is é an Páirtí an Stát, agus stát smachtúil faireachais mímhúinéach é atá imníoch go deo faoi rud ar bith a d'fhéadfadh é a threascairt. Fágann sin gur furasta d'fheidheannaigh an stáit dul thar fóir le teann scéine.

Is iad na Han – na 'fíor-Shínigh' – mórfhobal na tíre, agus tá a rian sin ar dhearcadh an Pháirtí. Tá náisiúnachas eitneach ann a gcuireann difríochtaí cultúir agus creidimh mishuaimhneas air, go háirithe mura bhfuil mionphobail áirithe – sa Tibéid nó in Xinjiang – róshásta le dianbhrú agus drochamhras an stáit.

In Xinjiang ní raibh an scéal chomh dona sin tráth den saol, cé go raibh roinnt Uigiúrach agus Síneach ag tarraingt achrainn. Ach ón mbliain 2014 amach chuaigh cúrsaí chun an donais. Cuireadh os cionn milliún Uigiúrach i ngéibheann gan chosaint dlí. Tá fianaise ann go bhfuil na húdarais ciontach in obair éigeantais, cosc creidimh, síolteagasc, céasadh, agus aimridiú ban. Scriosadh na mílte mosc, agus scaradh na céadta míle páiste óna muintir chun iad a chur ar scoileanna lóistín agus Síneigh chearta a dhéanamh dóibh.

Is dócha go bhfuil maolú éigin tagtha ar an ansmacht anois, ach tá an imní chéanna ar lucht an fhaireachais. Tá cuid de na hUigiúraigh tugtha isteach sa chóras, ach tá mórán eile faoi sháil an bhráca. Is iontach an dul chun cinn atá déanta ag an tSín agus an Páirtí i gceannas, ach tá an t-anfhorlann ag siúl leis, agus, ar ndóigh, an síorfhaire. Is féidir iompar daoine a smachtú; níl sé chomh furasta sin a n-aigne a threorú.

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).*

**Dánta le Colin Ryan**

### **Athbheochan**

Seo samhail na mná  
athbheochan déanta uirthi

ó ghéinte a fágadh  
faoi leac anallód  
ag féachaint orainn  
le súile beagnach beo  
ag faire a bhfuil le teacht  
is ag cúlú uainn  
i séasúr glas na huaighe

### **Na sinsir**

Na sinsir  
ag comhrá cois bóithrín  
faoi sholas lán báistí  
adharca an phúca  
ar chúl na bhfálta  
is amhrán ann  
nár tháinig  
thar thairseach  
an taibhrimh